



TAISCE TUISCEANA



Fáilte chuig an Zú!

Turas chuig an Zú

9 Turas chuig an Zú

Foilsachán de chuid CCEA © 2015



clann

Bí Cúramach!

Moncaí óg ar strae le cúpla lá

- Ainm:** Learaí
- Dath:** donn
- Súile:** dubh
- Aois:** bliain amháin

Is maith le Learaí bheith ag luascadh ó na crainn. Níl sé dainséarach ach tá sé dána. Goideann sé bananaí ó dhaoine. Má fheiceann tú é abair linn!



fógra

An Fiosraitheoir

TASC 1:

An bhfuil sé ceart ainmhithe a choimeád sa zú, dar leat?


TASC 2:

Ainmnigh 5 ainmhí eile a fheiceann tú sa zú.



Turas chuig an Zú

Breithlá Liam a bhí ann. Chuaigh an chlann ar fad ar thuras chuig an zú i mBéal Feirste. Bhí Mamaí, Liam, Seán agus Caoimhe ann. Chuaigh siad ann ar an mbus. Bhí an turas an-fhada agus leadránach. Nuair a bhí siad ag dul isteach sa zú, chonaic Liam fógra a chuir iontas air.



Bí Cúramach!
Moncaí óg ar strae le cúpla lá

Ainm: Learaí
Dath: donn
Súile: dubh
Aois: bliain amháin

Is maith le Learaí bheith ag luascadh ó na crainn. Níl sé dainséarach ach tá sé dána. Goideann sé bananaí ó dhaoine. Má fheiceann tú é abair linn!

Bhí Liam ag féachaint gach áit agus é ag siúl ach ní fhaca sé an moncaí. Shuigh sé síos agus d'ith sé picnic lena chlann. Tamall ina dhiaidh sin, chuala sé rud éigin ag bogadh thart sna crainn. D'fhéach sé suas. An moncaí a bhí ann agus banana ina lámh aige!

D'inis Liam do dhuine a bhí ag obair sa zú go bhfaca sé an moncaí. Chuaigh sé abhaile sona sásta mar gur chabhraigh sé leis an moncaí a bhí ar strae a aimsiú.

Ceisteanna

- 1. Chuaigh clann Liam chuig an zú mar:**
 - (a) bhí Learaí cailte.
 - (b) breithlá Liam a bhí ann.
 - (c) bhí cairde Liam go léir ann.
- 2. Conas a chuaigh Liam agus a chlann go Béal Feirste?**
 - (a) Ar an traein
 - (b) Ar an mbus
 - (c) Sa charr
- 3. Conas a bhí an turas go Béal Feirste?**
 - (a) Bhí sé spéisiúil
 - (b) Bhí sí gairid
 - (c) Ní raibh sé spéisiúil
- 4. Cé chomh fada a bhí Learaí ar strae?**
 - (a) Níos mó ná seachtain
 - (b) Cúpla mí
 - (c) Níos lú na seachtain
- 5. Cén áit a raibh Learaí nuair a chonaic Liam é?**
 - (a) Ag siúl ar an talamh
 - (b) Ag luascadh sna crainn
 - (c) Ag snámh san uisce
- 6. Cén dá fhocal is fearr a chuireann síos ar Learaí?**
 - (a) Dainséarach agus mór
 - (b) Óg agus dána
 - (c) Beag agus aosta